AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA M.57AT

**Scrúdú na hArdteistiméireachta 1999**

# Gnó - Ardleibhéal
# (400 MARC)

1341

**DÉ CÉADAOIN 16 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 - 12.30.**

**Freagair**

**(A)** **Ocht gCeist ó Roinn 1**

**(B)** **An Cheist Ghnó Fheidhmigh ó Roinn 2 agus**

**(C)** **Ceithre Cheist ó Roinn 3 mar a leanas:**

**Ceist amháin ó Chuid 1**

**Dhá cheist ó Chuid 2**

**Agus ceist amháin eile ó Chuid 1 nó ó Chuid 2**

**Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.**

**RABHADH**

**Ní mór Roinn 1 a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfidh tú marcanna**

**Tabhair do d'aire dáileadh na marcanna in aghaidh gach ceiste.**
**Is ceadmhach áireamháin a úsáid.**

**Scríobh do scrúduimhir anseo**

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

**Scrúdú na hArdteistiméireachta 1999**
**Gnó - Ardleibhéal**

## ROINN 1
**(80 Marc)**

**Is roinn éigeantach í an roinn seo. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag dul le gach ceist. Cuir an Roinn seo isteach le do fhreagarleabhar.**

1. Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma " Fiontraí".

2. Dréachtaigh **meamram** (memo) agus formáid chuí á húsáid agat chuig gach bainisteoir rannóige chun an fógra faoi chruinniú míosúil na mbainisteoirí a athrú:

3. Cad é físchomhdháil (videochomhdháil)?

4. Ainmnigh cineál amháin Struchtúir Eagraíochta:

Tarraing cairt den struchtúr sin:

5. Cén cineál rialú bainistíochta is dóigh leatsa is tábhachtaí?

Mínigh do rogha.

6. Déan cur síos go hachomair ar thrí réimse freagrachta a bhíonn ar Bhainisteoir Acmhainní Daonna.

**(i)**

**(ii)**

**(iii)**

**7.** Cabhraíonn Bainistíocht Cáilíochta Iomláine (TQM) le gnó mar :

**8.** Mínigh an téarma "Staidéar Indéantachta".

**9.** Liostaigh dhá fhoinse ghearrthéarmacha airgeadais agus trí cinn fhadtéarmacha a bheadh oiriúnach d'fhiontar gnó nua.

(i)

(ii)

(iii)

(iv)

(v)

**10.** Cad é Cuideachta Trasnáisiúnta?

Ainmnigh dhá chuideachta Trasnáisiúnta:

(i)

(ii)

**[80 marc]**

**CUIMHNIGH AN ROINN SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

**Scrúdú na hArdteistiméireachta 1999**
**Gnó - Ardleibhéal**

1111

**ROINN 2**
**(80 Marc)**

**Is ceist éigeantach í seo.**

# An Cheist Ghnó Fheidhmigh.

B and M Solutions Ltd.

B'fhada Barry agus Marian ag smaoineamh ar a ngnó féin a thosú. Bhí an bheirt acu uaillmhianach, bhí oideachas maith orthu agus d'éirigh go maith leis an mbeirt acu ag obair do chuideachtaí móra ríomhaireachta. Thuig siad na dúshláin a bhainfeadh leis ach bhraith siad go raibh go leor smaointe nua acu agus nach raibh eagla orthu tabhairt fúthu. Shocraigh siad "B and M Solutions Ltd." a bhunú chun córais ríomhaireachta a bheadh deartha go speisialta agus oiliúint phearsanra a chur ar fáil do ghnólachtaí beaga. D'eagraigh siad nithe go maith ón tús, d'eagraigh siad na tascanna eatarthu agus lorg siad cabhair ó ghníomhaireachtaí stáit nuair a theastaigh sin.

Tá fás tapa tagtha ar an ngnó. Chuir siad fógraí faoina gcuid seirbhísí in irisí trádála, rud ar éirigh go maith leis ach uaireanta fágadh amach eolas tábhachtach le go bhfaighidís na conarthaí. Ní mó ná sásta áfach atá cuid de chustaiméirí B and M faoin easpa seirbhíse iardhíolacháin mar a fheiceann siadsan an scéal, seirbhís a bhí geallta san fhógraíocht.

Oibríonn an bheirt úinéirí crua ach bíonn siad seasta faoi dheifir. Bíonn Marian ag gearán nach bhfuil aon fhís ag B and M faoin méid atá i ndán don ghnó amach anseo. Tá na fostaithe togha tríd is tríd ach faoi láthair bíonn brú seasta ar an bhfoireann chun spriocanna a chomhlíonadh agus bíonn siad ag obair uaireanta fada. Ní bhreathnaíonn sé go bhfuil an gnó in ann foireann a bhíonn go maith a choinneáil I bhfad. Tá Barry tosaithe ag tabhairt orduithe do na fostaithe le gairid. Thug sé bóthar fiú d'fhostaí amháin nuair a d'iarr sí lá saoire le dul chuig an dochtúir de bharr go bhfuil sí ag iompar clainne. Braitheann Marian nach bhfuil iompar Bharry ag cuidiú leis an ngnó.

(A) Breacrianaigh go gairid na scileanna fiontraíochta ar bhain Barry agus Marian leas astu sa suíomh thuas. **(20 marc)**

(B) Dréachtaigh tuarascáil ghairid do Bhord na Stiúrthóirí a mhíneoidh na bearta reachtaíochta a bhféadfaí leas a bhaint astu chun na coimhlintí sa ghnó a réiteach. **(20 marc)**

(C) Déan measúnú ar an tslí a n-éireodh níos fearr b'fhéidir leis an mbeirt sa ghnó dá gcuirfidís feabhas ar a gcuid scileanna bainistíochta. Bain leas as an téacs thuas mar thaca le do fhreagra **(40 marc)**

[ **80 marc** ]

# ROINN 3

**Freagair Ceithre Cheist as Roinn 3 mar seo a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1, dhá cheist as Cuid 2 agus Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.**

## Cuid 1
## Daoine i nGnó / Timpeallacht Ghnó

### Daoine I nGnó

### Ceist 1

*Tá an-tábhacht le gaolmhaireachtaí maithe a chuidíonn le coimhlintí idir daoine i gcúrsaí gnó a réiteach.*

(A) Mínigh an ghaolmhaireacht idir táirgeoirí agus grúpaí leasmhara i ngnó. **(15 marc)**

(B) Taispeáin an chaoi is féidir leis na leigheasanna ar shárú conartha cuidiú le coimhlint idir páirtithe conarthacha a réiteach **(20 marc)**

(C) Déan measúnú ar ról an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais faoin Acht Caidrimh Thionscail 1990. **(25 marc)**
**[ 60 marc ]**

### Timpeallacht Bhaile/Idirnaisiúnta

### Ceist 2

(A) Déan comparáid idir Comhghuaillíocht Ghnó agus Saincheadúnas mar chineálacha Eagrú Gnó. Bain leas as samplaí i do fhreagra. **(20 marc)**

(B) Léirigh an tslí a ndéanann cleachtas gnó a mbaineann freagracht shóisialta leis leas do ghnó. **(15 marc)**

(C) Déan anailís ar an tslí a mbíonn tionchar ag na hathróga (fachtóirí ) eacnamaíocha i ngeilleagar na hÉireann ar ghnó. **(25 marc)**
**[ 60 marc ]**

### Timpeallacht Bhaile/Idirnaisiúnta

### Ceist 3

*De bharr gur geilleagar oscailte í Éire bíonn tionchar ollmhór ag an timpeallacht trádála idirnáisiúnta ar Ghnó in Éirinn.*

(A) Déan na deiseanna agus na dúshláin atá ann do Ghnó in Éirinn de bharr a bheith ag gabháil do thrádáil idirnáisiúnta a mheas. **(30 marc)**

(B) Maidir le hÉirinn, mínigh an tábhacht a bhaineann leo seo a leanas:-
(i) aon cheann amháin de pholasaithe an Aontais Eorpaigh
(ii) aon cheann amháin d'institiúidí an Aontais Eorpaigh **(30 marc)**
**[ 60 marc ]**

# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Ag Bainisteoireacht**

### Ceist 4

(A) Agus tú ag baint leasa as ainm agus seoladh bréige dréachtaigh litir chuig Bainisteoir Acmhainní Daonna gnó ag leagan amach ceithre thréith a lorgófaí i mbainisteoirí nuair a bheifí ag cur agallamh ar iarrthóirí do phoist bhainisteoirí. **(20 marc)**

(B) Pléigh na príomhfhachtóirí ba chóir a chur san áireamh nuair a bhítear ag cinneadh cad iad na modhanna cumarsáide is éifeachtaí i ngnó. **(20 marc)**

(C) *"Is í an phleanáil an ghníomhaíocht bhainistíochta is tábhachtaí."*

An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Tabhair cúiseanna agus samplaí mar thaca le do fhreagra. **(20 marc)**

**[ 60 marc ]**

**Bainisteoireacht/Gnó ag Gníomhú**

### Ceist 5

(A) Déan cur síos go hachomair ar na gníomhaíochtaí a bhíonn comhchoiteann agus ar na gníomhaíochtaí a bhíonn difriúil ó thaobh gnó agus líon tí a bhainistiú. **(20 marc)**

(B) Is gnó teaghlaigh pluiméireachta agus teasa lárnaigh é "*Watertight Ltd*". Tá asraon páirteanna a dhíolann páirteanna leis an bpobal agus le lucht ceirde mar chuid de. Tá triúr plumuiméirí cháilithe fostaithe sa ghnó agus oibríonn siad ar fud an cheantair agus baineann siad leas as veaineanna an fhiontair.

Déan cur síos ar na cineálacha éagsúla cánacha *agus* cineálacha éagsúla árachais a mbeifeá ag súil go mbeadh cleachtadh ag *"Watertight Ltd"* orthu. Cuir cúiseanna le do rogha **(20 marc)**

(C) Réamhaisnéis Shreabhadh Airgid Thirim Ghnó Ton Ltd.

| | Eanáir | Feabhra | Márta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Fáltais | 40,000 | 50,000 | 55,000 | 145,000 |
| Íocaíochtaí | 38,000 | 53,000 | 57,500 | 148,500 |
| Airgead Tirim Glan | 2,000 | (3,000) | (2,500) | (3,500) |
| Airgead Tirim Tosaigh | 2,500 | 4,500 | 1,500 | 2,500 |
| Airgead Tirim Deiridh | 4,500 | 1,500 | (1,000) | (1,000) |

(i) Mínigh an chúis a n-ullmhódh gnó Réamhaisnéis Shreabhadh Airgid Thirim.
(ii) Cén mhí/ cad iad na míonna a bhfuil fadhb ag an ngnó thuas? Déan cur síos go hachomair ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis sin.
(iii) Luaigh dhá ní a d'fhéadfadh an gnó a dhéanamh chun cuidiú leis na fadhbanna a réiteach.

**(20 marc)**

**[60 marc]**



**THALL →**

## Ag Bainisteoireacht

### Ceist 6

(A) Léirigh an fiúntas atá sa chóimheas Fiachais/Cothromais chun cuidiú le bainisteoir faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú airgeadais gnó **(20 marc)**

(B) Déan anailís ar threochtaí brabúsachta agus leachtachta i Gracey and Co. Ltd. as na figiúirí seo a leanas do 1997 agus 1998.

| | 1998 | 1997 |
|---|---|---|
| Fiachais Reatha | £ 9,400 | £ 8,200 |
| Stoc Deiridh | £ 8,200 | £ 10,100 |
| Scairchaipiteal Cothromais | £ 85,000 | £ 85,000 |
| Brabús Comhlán | £ 58,250 | £ 42,560 |
| Tuillimh Choimeádta | £ 17,100 | £ 16,450 |
| Sócmhainní Reatha | £ 13,500 | £ 15,450 |
| Brabús Glan | £ 13,500 | £ 13,255 |
| Díolacháin | £141,500 | £121,500 |

**(40 marc)**

**[ 60 marc ]**

## Gnó ag Gníomhú

### Ceist 7

*Deirtear gurb í feidhm margaíochta eagraíochta an tsuimint a choinníonn na codanna uilig le chéile. Cinntíonn sí go mairfidh an eagraíocht.*

(A) Déan cur síos go hachomair ar na céimeanna a bhaineann le próiseas forbartha tháirge nó sheirbhís nua. **(20 marc)**

(B) Mínigh na buntáistí a bhíonn ag fiontar gnó a ghlacann le coincheap na margaíochta. **(10 marc)**

(C) Déan eilimintí den chumasc margaíochta a mheas agus leas á bhaint agat as do rogha táirge nó seirbhís. **(30 marc)**

**[ 60 marc ]**